Olltoghchán ag teacht

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi pholasaí eacnamaíoch Fhianna Fáil? An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

polasaí eacnamaíoch	olltoghchán	cáin ioncaim
fiacha	bancanna idirnáisiúnta	margadh tithíochta
dleacht stampa	Manchain	

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cad a dhéanfaidh Fianna Fáil le cáin ioncaim?
2. Cad a dhéanfaidh siad leis na fiacha náisiúnta?
3. Cén fáth nach n-athróidh Fianna Fáil an dleacht stampa?
4. Cad a theastaigh ón Taoiseach, Bertie Ahern, a dhéanamh leis an airgead a bhí aige i Manchain?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

'*Sheol* Fianna Fáil a bpolasaí eacnamaíoch inniu.'
'*Dúirt* an tAire Airgeadais Brian Cowen go n-ísleoidh sé cáin ioncaim.'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. _____ Máire feoil agus glasraí don dinnéar. (ceannaigh)
2. _____ Seán agus Sinéad ar saoire sa Spáinn ar feadh coicíse. (téigh)
3. Bhí Colm tinn mar _____ sé an iomarca milseáin. (ith)
4. Bhí póit ar Chaitríona mar _____ sí an iomarca fíona. (ól)
5. _____ Bríd an ceadúnas tiomána sa bhliain 2002. (faigh)
6. _____ Pádraig bialann nua i gCorcaigh sa bhliain 1998. (oscail)

Ceist 4 Féach ar na habairtí thíos:

‘Íocfaidh daoine ar phá *níos airde* níos mó PRSI.’
‘Beidh an iomaíocht idirnáisiúnta *níos géire* sa bhliain 2012.

Anois líon isteach na bearnaí thíos.

1	ard	níos airde
2	géar	níos géire
3	deas	
4	maith	
5	olc	
6	mór	
7	beag	
8	saor	
9	daor	
10	fada	
11	sean	
12	óg	

Ceist 5 Féach ar na habairtí thíos:

‘Níl dáta don olltoghchán *fógraithe* fós.’
‘Tá tús *curtha* leis an bhfeachtas toghchánaíochta.’

Anois críochnaigh na habairtí thíos. Bain úsáid as na focail sa bhosca.

1. Nuair a bhí an obair bhaile _____ ag na páistí, chuaigh siad amach ag imirt peile.

2. Nuair a bhí an teach _____, bhog siad isteach ann.

3. Tá an t-uisce i Loch Coirib _____.

4. Bíonn an siopa _____ óna naoi go dtí a cúig gach lá.

5. Bhí an t-árasán _____ ag Máire sular tháinig na cuairteoirí.

6. Nuair a bhíonn an lón _____ ag Seán, chuaigh sé ar ais go dtí an oifig.

glanta	ceannaithe	truaillithe
déanta	oscailte	tógtha
faighte	ólta	ite

Ceist 6 An aontaíonn sibh le polasaí nua Fhianna Fáil? Cén fáth? Cad iad na hathruithe ba mhaith libh a fheiceáil in Éirinn tar éis an olltoghcháin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

polasaí eacnamaíoch – *economic policy*
olltoghchán – *general election*
cáin ioncaim – *income tax*
fiacha – *debts/debt*
bancanna idirnáisiúnta – *international banks*
margadh tithíochta – *housing market*
dleacht stampa – *stamp duty*
Manchain - *Manchester*

Ceist 2

1. Ísleoidh Fianna Fáil cáin ioncaim (laghdú de 2% do dhaoine ar ioncam faoi bhun 48,000 euro sa bhliain agus laghdú de 1% do dhaoine a shaothraíonn os a chionn sin).

2. Dúirt an tAire Airgeadais Brian Cowen go mbeadh na fiacha náisiúnta glanta faoin mbliain 2012.

3. Ní athróidh Fianna Fáil an dleacht stampa mar atá molta ag Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre. Deir Brian Cowen go bhfuil sé contúirteach cur isteach ar an margadh tithíochta.

4. Deir Bertie Ahern go raibh an t-airgead aige i Manchain chun íoc as óstán agus as ticéad do chluiche peile de chuid Manchester United.

Ceist 3

1. cheannaigh
2. chuaigh
3. d'ith
4. d'ól
5. fuair
6. d'oscail

Ceist 4

1	ard	níos airde
2	géar	níos géire
3	deas	níos deise
4	maith	níos fearr
5	olc	níos measa
6	mór	níos mó
7	beag	níos lú
8	saor	níos saoire
9	daor	níos daoire
10	fada	níos faide
11	sean	níos sine
12	óg	níos óige

Ceist 5

1. déanta
2. tógtha
3. truaillithe
4. oscailte
5. glanta
6. ite

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Sheol Fianna Fáil a bpolasaí eacnamaíoch don chúig bliana amach romhainn inniu. Níl dáta don olltoghchán fógraithe fós ach glactar leis go bhfuil tús curtha leis an bhfeachtas toghchánaíochta i ndáiríre anois. Tá tuairisc ag Alex Hijmans.

Alex Hijmans

Luíonn polasaí eacnamaíoch Fhianna Fáil don chúig bliana seo romhainn isteach leis an bpolasaí atá i bhfeidhm cheana féin. Má bhíonn Fianna Fáil i gcumhacht arís tar éis an olltoghcháin, ísleoidh an páirtí cáin ioncaim a thuilleadh – laghdú de 2% do dhaoine ar ioncam faoi bhun 48,000 euro sa bhliain agus laghdú de 1% do dhaoine a shaothraíonn os a chionn sin. Tá sé i gceist ag Fianna Fáil an córas árachais shóisialta a dhéanamh níos cothroime sa chaoi is go n-íocfaidh daoine ar phá níos airde níos mó PRSI. Dúirt an tAire Airgeadais Brian Cowen go mbeadh na fiacha náisiúnta nach mór glanta faoin mbliain 2012 agus go gcuideodh sé sin leis an gcéad ghlúin eile dul i ngleic le saol ina mbeidh an iomaíocht idirnáisiúnta níos géire ná riamh.

Brian Cowen

Ó thaobh an ghlúin atá ag teacht, na fiacha náisiúnta[1] a ísliú chun nach mbeadh sé mar dhualgas orthu na fiacha sin a íoc thar nais do na bancanna idirnáisiúnta.

Alex Hijmans

Dúirt an tAire Cowen nach bhfuil sé i gceist ag Fianna Fáil aon athruithe a dhéanamh ar an dleacht stampa[2] mar atá molta ag Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre. Dúirt sé go gcaithfí a bheith fíor-chúramach gan cur isteach ar an margadh tithíochta agus go raibh pleananna an Fhreasúra contúirteach. Níor chuir cuid de pháirtithe an Fhreasúra aon fhiacail ann agus iad ag tabhairt a mbreith ar an bpolasaí a sheol Fianna Fáil inniu. Saothar ficsin a thug urlabhraí airgeadais an Chomhaontais Ghlais[3] Dan Boyle, ar pholasaí Fhianna Fáil. Ar ndóigh tháinig fógairt pholasaí eacnamaíoch Fhianna Fáil sna sála ar líomhaintí a rinneadh ag an deireadh seachtaine faoi chúrsaí airgeadais an Taoisigh ach anseo ar maidin shéan Bertie Ahern go láidir go raibh aon fhírinne sna tuairiscí a rinneadh ag an deireadh seachtaine agus dúirt sé nach raibh de airgead leis an lá sin i Manchain ach dóthain chun íoc as óstán agus as ticéad do chluiche de chuid Man U.[4]

Alex Hijmans, Nuacht TG4, i mBaile Átha Cliath

[1] *an fiacha náisiúnta* a deirtear sa mhír
[2] *dléacht stampa* a deirtear sa mhír
[3] *urlabhraí airgeadais Chomhaontas Ghlas* a deirtear sa mhír
[4] Manchester United